# SMAOINIGH AR NA RUDAÍ SEO ROIMH DO CHUAIRT

Ba mhaith línn ár gcuid álainn seo den domhan a roinnt libhse agus leis na glúnta atá le teacht. Dá bhrí sin, tugaimid tacaíocht d'éiceathurasóireacht inbhuanaithe stuama a chabhraíonn an ceantar a athbheochan, agus tá súil againn go ndéanfaidh sibhse an rud céanna. Tógaigí nóiméad chun **'Smaoinigh ar na Rudaí seo roimh do Chuairt'** a léamh ionas gur féidir libh bhur ról a imirt chomh maith. Go raibh maith agaibh.



## Ná bíodh deabhadh oraibh imeacht!

Fiafraígí timpeall. B'fhéidir nach bhfuil a fhios agaibh go bhfuil an oiread sin le déanamh anseo ...

## Buailigí isteach!

Tá go leor gnólachtaí áitiúla anseo agus ansiúd ar leithinis Uíbh Ráthaigh agus ba bhreá leo fáilte a chur romhaibh. Tar éis an tsaoil, is iad na pobail áitiúla seo a thugann cead do chosáin ar a dtalamh féin nó a sholáthraíonn go leor seirbhísí chun go mbainfeadh sibh tairbhe as bhur gcuairt






## Féachaigí ach ná leagaigí lámh air

Bláthanna, ainmhithe agus plandaí mara, ladhairteanna, iontaisí – b'fhéidir gur cathú mór é cuid den bhflóra agus fána leochaileach nó neamhchoitianta atá againn anseo a phiocadh ach ligigí dó. Cuimhnígí, dá mba rud é gur phioc an té iad a chonaic romhaibh iad, ní fheicfeadh sibhse iad. Tarraingígí iad – agus roinnigí an draíocht sa tslí sin

## Cuimhnígí ar a bheith ag análú

Is féidir leis an saol a bheith deacair. Tógaigí bog é agus bainigí taitneamh as na radharcanna agus na fuaimeanna timpeall oraibh






## Madraí a choimeád ar iall

Ní cheadaítear madraí ar go leor cosán mar gheall ar ainmhithe feirme a bheith ann. Iarraimid go cineálta oraibh madraí a choimeád ar iall ar gach cosán, trá agus bogaigh eile



## Ná beathaigí

Ná beathaigí na héin agus na hainmhithe fiáine

## Meas ar an bhFiadhúlra

Neadaíonn éin an-speisialta anseo againn in Uíbh Ráthach. Má fhágann siad a neadacha as eagla, is féidir go bhfuarófaí na huibheacha nó na sicíní nó go meallfaí creachadóirí. Má ruaigtear le heagla iad óna dtalamh beathaithe – ar nós na gcladach nó na n-inbhear - beidh ocras orthu nó fiú fágfaidh siad an ceantar go deo. Cuimhnígí air seo agus sibh ag baint taitnimh as an tsiúlóid



## Glacaigí páirt

Más mian libh dul céim níos faide, cén fáth nach gcuirfeadh sibh bhur ngrianghraif den dúlra le hardáin taifeadta leanúnacha ar nós an Ionaid Náisiúnta Sonraí Bithéagsúlachta nó Grúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann



## Ná fágaigí aon rud in bhur ndiaidh

Is cuid mhór dár dtírdhreach iad uiscí. Ó phortaigh go sruthanna, aibhneacha, lochanna agus na farraigí. Iarraimid oraibh cabhrú linn iad a choimeád glan gan iad a úsáid chun fáil réidh le bruscar nó chun earraí cosúil le coimeádáin bia nó dí a ní. D'fhéadfaimis na speicis iontacha go léir a mhaireann inár n-uiscí agus timpeall orthu a liostáil, ach chaithfeá an lá ar fad á léamh agus b'fhearr linn go rachfadh sibh amach agus go gcífeadh sibh féin na speicis seo





## Fanaigí ar na cosáin mharcáilte

D'fhéadfadh sibh trampáil ar phlandaí agus ar ainmhithe agus cur leis an gcreimeadh ar an tírdhreach agus ar na gnáthóga luachmhara atá againn anseo. Tá a fhios againn gur mór an cathú imeacht ón gcosán, ach déanaigí iarracht diúltú dó!

## Fág é

Má aimsíonn sibh ainmhí gortaithe nó tite, ná bígí ag brostú chuige. Fágaigí é. Fágtar roinnt ainmhithe óga, mar shampla fianna óga nó rónta leanbh, ina n-aonar agus na hainmhithe is sine ag ithe, agus fillfidh siad go luath. Má tá imní mhór oraibh, téigí i gcomhairle le saineolaí i gcónaí. Is ionann an scéal do mhamaigh eile agus éin freisin. Tá comhairle iontach ar fáil anseo: Irish Wildlife Matters

## Cuimhnigh an geata a dhúnadh

Más trí gheata dúnta a théann an cosán, ba chóir é a dhúnadh tar éis daoibh dul tríd





B'fhéidir gur as an gceantar máguaird sibh nó b'fhéidir go bhfuil sibh ag tabhairt cuairte ó áiteanna níos faide i gcéin. Tá súil againn go mbeidh taithí iontacht agaibh agus go dtiofaidh sibh anseo arís. Ní ceann scríbe turasóireachta amháin atá sa cheantar seo. Táimidne inár gconaí, ag obair agus ag imirt anseo ó cheann ceann na bliana. Nach linne atá an t-ádh!? Bígí tuisceanach ar mhuintir na háite agus sibh ar cuairt anseo. Go raibh maith agaibh.

DISCOVER Iveragh

live

Tá cómhaoiniú á dhéanamh ar an tionscadal ag An Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus Clár Comhoibrithe na Breataine Bige